Téarmaí gan Iomrá: Téarmaí a d'úsáid nó a chum Seosamh Mac Grianna agus é ag tiontú Béarla go Gaeilge idir na 1920idí agus na 1950idí agus nach raibh i gcúrsaíocht ina dhiaidh sin

Seán Mac Corraidh

Thiontaigh Seosamh Mac Grianna dhá leabhar déag Béarla go Gaeilge agus d'fhoilsigh an Gúm idir 1932 agus 1955 iad (Uí Laighléis, 2003; 2017; Mac Corraidh, 2004). Thug sé *Teacht Fríd an tSeagal* (TS), aistriúchán ar *Comin' thro' the Rye* le Helen Mathers, don Ghúm in 1928 agus foilsíodh sa bhliain 1932 é. Sa bhliain 1929, thug sé *Ben Hur* (BH) agus *An Mairnéalach Dubh* (MD) dóibh, aistriúcháin ar *Ben Hur* le Lew Wallace agus ar *The Nigger of the Narcissus* le Joseph Conrad faoi seach, agus foilsíodh sa bhliain 1933 iad. Idir na blianta 1934 agus 1937, foilsíodh *An Páistín Fionn* (PF) (1934), aistriúchán ar *The Whiteheaded Boy* le Lennox Robinson, ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Séideán Bruithne agus Amy Foster* (SB) (1935), ar ghlac an Gúm leis in 1930 agus ar aistriúchán ar *Typhoon and Amy Foster* le Joseph Conrad é; *Teach an Chrochadóra* (TC) (1935), aistriúchán ar *Hangman's House* le Donn Byrne ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Muinntir an Oileáin* (MO) (1935) ar ghlac an Gúm leis i 1933 agus ar aistriúchán é ar *Islanders* le Peadar O'Donnell a tugadh isteach in 1930; *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh* (IFDT) (1936), aistriúchán ar *Adventures of a Younger Son* le E.J. Trelawney, ar ghlac an Gúm leis in 1931; *Díth Céille Almayer* (DCA) (1936), aistriúchán ar *Almayer's Folly* le Joseph Conrad, ar ghlac an Gúm leis in 1930 agus *Ivanhoe* (I) (1937), aistriúchán ar *Ivanhoe* le Sir Walter Scott ar glacadh leis in 1930. Is sa bhliain 1937 a glacadh le *Eadarbhaile* (E), aistriúchán ar *Adrigoole* le Peadar O'Donnell agus foilsíodh sa bhliain 1953 é. Glacadh le *Báthadh an Ghrosvenor* (BG), aistriúchán ar *The Wreck of the Grosvenor* le W. Clark Russell, sa bhliain 1944 agus foilsíodh in 1955 é. Is fiú a lua nár aistrigh Seosamh

Mac Grianna gach ceann de na leabhair Bhéarla sin ina n-iomláine. Mar shampla, tá a fhios againn gurb é Séamus Ó Grianna a d'aistrigh roinnt mhaith de *Comin' Thro' the Rye* sular fhág sé ina dhiaidh é nuair a fuair sé amach go raibh an leagan Gaeilge le foilsiú sa chló úr agus chuir Seosamh Gaeilge air ina dhiaidh sin (Uí Laighléis, 2017).

D'fhoilsigh an Clóchomhar *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir* (Mac Corraidh, 2004) inar soláthraíodh liosta focal, frásaí, nathanna cainte agus téarmaí a d'úsáid an t-aistritheoir. Tá na téarmaí uilig a thugtar anseo thíos le fáil sa leabhar sin. Is fiú a thabhairt faoi deara nach é amháin go gcaitheann ábhar an leabhair sin solas úr ar stór focal traidisiúnta Ghaeltacht Thír Chonaill ach go léiríonn sé fosta seiftiúlacht agus acmhainní Mhic Grianna mar aistritheoir sa mhéid is gur cheap sé féin téarmaí agus go ndearna sé an Ghaeilge a lúbadh, a chasadh agus a fhuirseadh i dtreo na hathnuachana. An cuspóir agus an úire atá leis an taighde deisce a rinneadh don alt seo ná gur féidir leis an léitheoir na téarmaí 'teicniúla' a chum nó a d'úsáid Mac Grianna a léamh agus a chur taobh le leaganacha na bhfoinsí digiteacha amhail *tearma.ie*, *teanglann.ie* agus *focloir.ie* chun leaganacha duine de mháistrí an aistriúcháin a mheas taobh leo sin atá in úsáid inniu. Is chuige sin a rinneadh an taighde, agus fios ag an taighdeoir, mar shampla, nár úsáideadh na haistriúcháin ar chor ar bith agus *Foclóir de Bhaldraithe* á thiomsú (Mac Corraidh, 2004).

Má bhreathnaítear ar roinnt samplaí, feicfear cad is ciall leis an mhéid sin:

colbha an domhain the horizon (t.ie/FNBG/FGB fíor na spéire, léaslíne; FNBG/FGB/EID bun na spéire; FGB/EID bun an aeir; FGB thar cholbha na mara, the rim of the sea)(I 160)

fuinneog mhullaigh skylight (t.ie/FNBG fuinneog dín; FNBG/EID spéirléas *masc1*; FGB fuinneog dhín; EID fuinneog dín)(BG 25)

reithe réabtha battering ram (t.ie, FNBG, FGB, EID, reithe cogaidh)(BH 114)

sóúltas *fir*. (sóúlacht) dessert (t.ie, FNBG, FGB, EID milseog *f.*)(IFDT 60). DESSERT, ÉISDINNÉAR, agus IARBHÉILE fosta

Is fiú leagan amach na solaoidí thuas a shoiléiriú. Tugtar téarma ón aistriúchán mar cheannfhocal i gcló trom. Is ina dhiaidh sin a luaitear an focal nó an frása a bhí i gceist sa bhuntéacs Béarla. Luaitear ina dhiaidh sin na leaganacha (nuair is ann dóibh) atá sna foinsí digiteacha Gaeilge amhail *tearma.ie*, agus *An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge*. Is ansin a luaitear na foclóirí traidisiúnta, *English-Irish Dictionary* de Bhalraithe (1959) agus *Foclóir Gaeilge-Bearla* Uí Dhónaill (1977). Tugtar an tagairt don aistriúchán idir lúibíní ansin m.sh. (MO 82): ciallaíonn sin go bhfaighfear an téarma ar leathanach ochtó is a dó in *Muinntir an Oileáin*.

Má bhí focal eile ag Mac Grianna ar an téarma céanna Béarla, luaitear sin ar deireadh ar fad. Mar shampla, má amharcaimid ar an tsampla dheireanach thuas, **sóúltas** a bhí aige ar '*dessert*'; 'milseog' a gheofar sna foinsí digiteacha inniu. Tá sé le léamh ar leathanach seasca in *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh* agus bhí '*dessert*', 'éisdinnéar' agus 'iarbhéile' aige fosta ar an téarma céanna ina chuid aistriúchán.

Níl ceann ar bith de na téarmaí sin thuas sna samplaí a d'úsáid Mac Grianna, 'colbha an domhain', 'fuinneog mhullaigh', 'reithe réabtha' ná 'sóúltas' i gcúrsaíocht sa chaint ná sna foinsí tagartha digiteacha Gaeilge sa lá atá inniu ann. Mar thoradh ar an taighde seo, tá a fhios ag an léitheoir gur úsáid Mac Grianna iad ach nach sin na téarmaí a bhíonn in úsáid sa ghnáthchaint i nGaeilge ar '*horizon*', '*skylight*' '*battering ram*' ná '*dessert*' an Bhéarla ach gurb iad 'bun na spéire', 'fuinneog dín', 'reithe cogaidh' agus 'milseog' roghanna phobal na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh. Níl fáth ar bith nach ndéanfaí an Ghaeilge a fhairsingiú, a chothú agus a shaibhriú trí athmhúscailt na bhfocal agus na bhfrásaí seo uilig go léir agus go ndéanfaí amhlaidh le saothar na n-aistritheoirí eile, mar a d'éiligh Ó Ruairc (1988: 34).

Is cosúil gurb é foclóir *Lane O'Neill* a bhí mar fhoinse focal a Mac Grianna agus é i mbun aistriúcháin (Ó hEaráin, 1986; Mac Corraidh, 1990). Anseo thíos, tá na téarmaí a d'úsáid sé a d'aimsigh sé i bhfoinsí nó a chum sé ar uairibh amhail *fear a bheadh ar maos i saibhreas* ar '*millionaire*' sa Bhéarla. Is é an trua nár baineadh úsáid as na téarmaí seo agus foclóirí á dtiomsú (Mac Corraidh, 2004: 10, 162). Mar sin féin, sin an fáth ar síleadh gurbh fhiú na téarmaí 'teicniúla' nach raibh iomrá orthu ina dhiaidh sin a chur os ard mar atá siad sa liosta thíos i gcló trom.

Rinneadh grinnstaidéar ar an dá leabhar déag Gaeilge sin thuas mar ábhar miontráchtais ag leibhéal máistreachta agus bhí an leabhar *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir* (Mac Corraidh, 2004) mar thoradh air sin fosta. Tá mé i ndiaidh athchuairt a thabhairt ar an ghluais sin le dhá bhliain anois agus an t-am seo, tá liosta de na téarmaí 'teicniúla' a d'úsáid sé nó a chum sé á scagadh ón chuid eile ar nathanna cainte iad. Chíor mé na foinsí nua ar líne nárbh ann dóibh nuair a foilsíodh an ghluais an chéad uair m.sh. *tearma.ie*, agus *Foclóir Nua Béarla Gaeilge* (*focloir.ie*). Cuireadh cuid mhaith de na leaganacha seo isteach sa liosta anseo.

Seo a leanas na giorrúcháin ar ainmneacha na bhfoinsí eile tagartha atá in úsáid agam: LEID = *Lane's English Irish Dictionary* (1904); EID = *Foclóir de Bhaldraithe* (1959); FGB = *Foclóir Uí Dhónaill* (1977); CIESG (Ó Corráin, 1989); FGBD = *Foclóir Gaedhilge-Béarla Uí Dhuinnín*; FNBG = *Foclóir Nua Béarla-Gaeilge*; t.ie = *tearma.ie*.

A

aerlong *b*. aeroplane (t.ie/FNBG/EID/FGB eitleán *m.*; FGB air-ship)(TC 250) **aicíd an chreatha** palsy (I 521)(t.ie crithghalar fir1; FNBG pairilis *fem2*; LEID galar creathach) **aicíd na scamhán** pneumonia (t.ie/FNBG/EID/FGB niúmóine *fir4;* FGB aicíd na scamhóg)(TC 239) **aicíd na bpéisteog** trichinosis (t.ie tric**íonóis** *bain* 2;)(TS 242) **aicíd na stéigordóige** appendicitis (t.ie/FNBG/EID aipindicíteas *m.*)(MO 82) **ainbheathach** *fir*. monster (t.ie

ollphéist/FNBG arracht, ollphéist/FGB ainbheithíoch *m.*/EID arrachtach, torachar, ollphéist) (MO 34). UATHPHÉIST fosta **airíoch loinge** shipkeeper (FNBG/FGB coimeádaí *m.*, keeper)(MD 209) **alltóir** *fir*. barbarian (FNBG/FGB barbarach *m,*; FNBG brúid *fem2*) (TS 306) **amhaircín** *fir*. peep-show (t.ie pípsheó *fir4*) (TS 40)/(TS 45) **amhlaíocht** *b*. commonplace (platitude, truism)(BH 342/3) **análán** *fir*. ventilator (t.ie gaothrán *fir.;* FGB gaothaire *m.*; EID aerálóir m.)(SB 34) **anchréatúr** *fir*. horror (TC 476) **anphótaire** *fir*. teetotaller (t.ie réadóir *fir.3;* FNBG réadóir *masc.,* staonaire *masc4*; FGB lánstaonaire *m.*, FGB/ EID staonaire *m.*)(MD 81) **ardmhian** *fir*. ambition (t.ie/EID uaillmhian *bain2* glóirmhian *bain2*; FGB uaillmhian *f.*)(I 551)(BH 128)(I 552)(I 580) **arm gonta** weapon (I 37) (t.ie arm *fir1;* FNBG arm, uirlis troda, gléas troda) **armadóir** *fir*. armour (FGB armourer; cathéide *f.*)(I 144) **atonn** *b*. backwash of waves (t.ie/FGB cúlchaise f.; EID súrac *m.*, tarraingt na toinne)(MD 83)

B

bacán teannaidh belaying pin (t.ie pionna ceangail; EID bacán *m.* ceangail) (BG 106)(BG 295) **bád báire** flag boat (MO 151) **bád tarranta** (tarraingthe) tug (t.ie /FGB tuga *fir.*; EID tug *m.*)(MD 35)(MD 205), (BG 6) **bádánach** *fir*. boatswain (FNBG/t.ie maor loinge, t.ie/ FNBG/FGB bósan *m.*)(SB 17)(SB 68) **báirg guail** coal barge (BG 97) **balscóid** *b*. tattoo (t.ie/FNBG/FGB/EID tatú *m.*)(MD 9); skunk (a despicable person)(BG 125) **barometer** *a*. barometer (SB 47) FNBG/t.ie/FGB/EID baraiméadar *fir*. GLOINE NA HAIMSIRE fosta **bealach dromáin** companion (of ship)(t.ie staighre *fir4* boird; FGB staighre cábáin; EID staighre cábán)(BG 102)/ (BG 179) **bealachas** *fir.* alley-way (t.ie/EID pasáiste *m.*) (SB 26)(SB 74) **béar sneachta** polar bear (t.ie/FNBG/FGB/EID béar bán)(E 288) **bean chuilteála** quilter (EID/FGB cuilteálaí *m.*)(MO 160) **bean freastala** (freastail) waitress (t.ie/FNBG/FGB banfhreastalaí *m.*/EID freastalaí mná/cailín freastail)(MO 160) **bríce mná** great woman(MO 125) **bean chuideachta** chaperon (FGB bean choimhdeachta)(TC 47) **beathach carr** hack (t.ie/EID capall marcaíochta (hackney); FNBG/EID capall diallaite)(TC 46) CAPALL FOSTAITHE fosta **biorlus** *fir*. acacia (t.ie, EID acaicia *f.*)(BH 7) **blaisire** *fir*. door-man (I 613) **blár an ghainimh** desert (t.ie/FGB/EID fásach *m.*, gaineamhlach *m.*; t.ie/ EID díthreabh *bain2*)(TC 419) **bláth-theach** *fir.* greenhouse (t.ie/FNBG/FGB teach gloine) (TC 282) **bleachtán** *fir.* daffodil (t.ie/FGB/EID lus an chromchinn; t.ie/FGB lus an aisig) (TC 320) (TC 326)/(TC 538) **bloc marcaíochta** mounting block (t.ie/EID ceap marcaigh) (TC 345) **bochtshráid** *b*. (bochtsráid) slum (t.ie plódcheantar; t.ie/FGB sluma *m.*; EID cúlsráid *f.* shuarach (TC 393) **bollsaire** *fir*. herald (t.ie spreagaire *fir4;*FGB/FNBG bolscaire *m.*,FNBG aralt *masc1*)(TC 36)(LEID bollsaire *m.*) **bolscán** *fir*. **bolscán súlais** jam-tart (t.ie toirtín suibhe)(TS 46) **brat láimhe** handkerchief (BG 110) **bratán** *fir*. kerchief. (t.ie ciarsúr *fir.*)(TS 460) **breithchathaoir** *b*. tribunal (t.ie/FNBG binse *fir.*)(BH 413)(LEID cathaoir bhreitheamhnais) **brístiallacha** (*iol.*) braces (FGB gealas, -ais *m.*; EID gealasacha *mpl*) (MD

29) **bróga oíche, bróga seomra** *id*. (LEID bróga seomra) **bróigín** *b*. slipper (t.ie/ FNBG/ FGB slipéar, -éir *mpl.*)(MD 37)(BRÓGÁN, BRÓIGÍN agus LIUBHÁN fosta)(TC 447) **bromach** *fir*. pony (t.ie capailllín, pónaí, gearrchapaill); FGB colt)(TC 163) **brónchluiche** *fir*. tragedy (t.ie/FNBG/FGB/EID traigéide *f.*)(SB 142) **bruisín maith daoine** a good few people (E 152) **buíbhán** *aid*. amber (t.ie/FGB ómrach)(BG 122) **bunríodh** *a*. (bunrí) biceps. (t.ie/FNBG/FGB/EID bícéips *f.*)(MD 9)

C

caileantáir *a*. calendar (t.ie/FNBG/FGB féilire *m.*)(PF 133) **cáiríneacht** *b*. recrimination (FNBG frithmhilleánú; FNBG/EID comhchoiriú, cómhaslú)(I 265) **caitheamh aimsire** amateur (*aid.*)(TC 236) **camrógacht** *b*. forgery (t.ie/FGB/FNBG brionnú; EID brionnadh) (TS 520) **capall fostaithe** hack (TC 194) BEATHACH CARR fosta **carrán** *fir*. carriage (t.ie carráiste/EID carráiste; FGB small cart; FNBG carráiste/cóiste)(E 166)(MO 81) **carróg** *b*. carriage (E 47) **cársán** *fir.* bronchitis (t.ie/FNBG/FGB/EID broincíteas *m.*)(MO 6) **caschomhla** *b.* turnstile (t.ie geata; FNBG/EID geata casta)(TS 83) **casinneall** *fir*. windlass (t.ie/FGB/EID unlas *m.*; t.ie/EID castainn *bain2*) (BG 29)/(BG 33) **cathaoir shlinneán** armchair (EID/FGB/FNBG cathaoir uilleach) (TS 151) **cathaoir longadáin** rocking chair (EID, FGB, FNBG, cathaoir luascáin)(DCA 63) **céad mhacán** first mate (SB 8) chief (SB 23/4) **agra cinn** brains (t.ie éirim *bain2*; FNBG meabhar chinn, eagna chin; FGB eagna chinn)(TC 405) (TC 407)/(TC 465)(CCTC 10) **ceann coróna** (corónach) dynasty (t.ie/ FNBG ríora *fir4,* ríshliocht *fir3,* (TC 90) **ceann cabhlaigh** admiral. (t.ie, FNBG; FGB aimiréal *m.*; EID aimiréal, ceann cabhlaigh)(IFDT 17) **gan cheannach** irreconcilable (t.ie/FNBG/ FGB/EID doréitithe *a3;* FGB/EID bithnaimhdeach (TC 95) **ceannaí siúil** commercial traveller (t.ie/FNBG/FGB/EID taistealaí tráchtála) (MO 81) **ceannairceoir** *fir*. rebel (t.ie/ FNBG/EID reibiliúnach *fir1;* FNBG/FGB/EID ceannairceach *m.*)(TC 65) **céimsgán** *fir*. verandah (FGB/FNBG/t.ie vearanda *m.*)(TS 31) **céireán** *fir*. mummy (of corpse) (t.ie/ FNBG seargán, mumaí; FGB/EID seargán *m.*)(TS 414) **ceo toite** fog (t.ie, FNBG, FGB, EID ceo *fir.*)(BH 190) **ceosholasta** *aid*. dim (FNBG lag, fann, dorcha)(TS 136) **ciarghlas** *aid*. leaden-coloured (BG 231) **ciumhasaí** (ciumhaiseanna) **na cathrach** suburbanity (TC 6) **clabsal** *fir*. column (in newspaper) (t.ie/FNBG/FGB/EID colún *m.*)(TS 460)(LEID clabsal *m.*) **claíomh mara** cutlass (t.ie *gan iontráil*; FGB *gan iontráil*; FNBG/EID muirchlaíomh *m.*) (IFDT 93)(LEID claidheamh cam) **clais** *b*. wake (of a boat)(FGB marbhshruth *m.*)(TC 100/1) **clais anála** weasand (I 608) **claon intinne** bigotry (FGB biogóideacht *f.*)(I 505/6) **clár cladaigh** gang-plank (TC 563) **clár iompair** stretcher (t.ie/FNBG/FGB/EID sínteán *m.*; FGB/EID leaba shínteáin)(BG 399) **cláradóir** *fir*. registrar (t.ie, FGB cláraitheoir *m.*) (BH 98) **cleas gan formais** prank (FNBG cleas/ FGB áilt, cluicheog, dea-obair, tréith, EID cleas, bob, baileabhair)(IFDT 44) **cléibhín** *a*. cage (FGB cás *m.*) (BG 17)(LEID cléibhín *m.*) CLIABHÓG fosta **cliabhagán** *fir*. perambulator (t.ie pram *fir4*; FNBG naí-chóiste *masc4*/FGB

pram *m.*)(TS 117) **cliabhán rothaí** perambulator (t.ie/FGB pram *fir.*; FNBG naí-chóiste; EID cairrín láimhe) (SB 157) **cliabhóg** *b*. bird cage (t.ie/FNBG éanadán *fir* 1/FGB cás *m.*)(MD 210)(CLIABHÁN agus CLÉIBHÍN fosta) **clibín eochracha** bunch of keys (FNBG cloigín eochracha, fáinne eochracha; FGB/EID cloigín eochrach)(TC 509) **clíomáil** *b*. scramble (t.ie sciob sceab; FNBG streachailt, FNBG/EID sciolairt, sciob sceab; FGB sciolairt *f.*)(SB 105) **ceannach clú** blackmail (t.ie/FNBG/FGB dúmhál *m.*)(TC 73) **cloideog** *b*. clown (circus) (FNBG bobaide, áilteoir, fear grinn)(TS 47) **cloch ghréine** sundial (FGB clog gréine)(TC 327) **cloch leáite** lava (t.ie, FNBG, FGB, EID laibhe *f.*)(IFDT 93) **clog** *b*. clock (FGB clog *m.*)(TC 514) **clogán** *fir*. gong (FGB small bell, FNBG clog, gang; t.ie gang, cloigín)(DCA 104) **cnap scadán** shoal of herring (MO 89) **cneácheangal** *fir*. bandage (t.ie bindealán *m.,* FNBG, FGB, EID bindealán *m*., buadán *m.*)(IFDT 83) **cnoc tine** volcano (t.ie, EID, FGB, FNBG bolcán *m.*)(DCA 56/7)(IFDT 179) **cnoc oidhreoige** (oighir) iceberg (t.ie/FNBG/FGB/EID cnoc oighir) (SB 10) **cofrán** *fir*. bedside stand (TC 328) **coiméideadh** *fir*. (coiméide) corsets (EID/FGB cóirséad m.)(E 211) **cóisire** *fir*. guest (t.ie/FNBG/FGB aoi *m.*; FNBG cuairteoir *masc3*)(TC 340) **colbha an domhain** the horizon (t.ie/FNBG/FGB fíor na spéire, léaslíne; FNBG/FGB/EID bun na spéire; FGB/EID bun an aeir; FGB thar cholbha na mara, the rim of the sea)(I 160) **comhairín cumhraise** pouncet–box (I 451) **comhartha géibhinn** distress signal (t.ie/FNBG/FGB comhartha guaise)(BG 385) **comharthaíocht** *b*. gestures (t.ie comharthaí, gothaí/EID cor *m.*, gotha *m.*, comhartha *m.*) (MD 111) **comharthráchtáil** *b*. co-operation (t.ie/FGB comhar *m.*; EID comhar m. comhoibriú *m.*; FNBG comhoibriú *masc.*)(PF 26) **comhla** *b.* lock (water)(TC 394) **connach** *a*. sponge (t.ie, FNBG, spúinse *fir.*)(BH 12) **conróideach** *aid*. insecure (t.ie/FNBG/EID neamhdhaingean, corrach; FNBG scaoilte; EID neamhdhiongbháilte)(MD 65) **coróin sholais** halo (t.ie/FGB fáinne *m*. solais, naomhluan *m.*)(TC 67) **corrmhíoltóg** *b*. mosquito (t.ie corrmhíol *f,* muiscít *f,* FGB midge; EID corrmhíol *f.*)(IFDT)(LEID coirrmhíoltóg *f.*) **corrsmaointiú** *fir*. (corrsmaoineamh) quirk (TC 432) **cosán** *fir*. **cosán tógála** gangway (FGB clord *m.*) (BG 39)/(BG 119) **cosbhrat** *fir*. mat (FNBG mata *masc4*) (TS 211) **cosfháinne** *fir.* anklet (FNBG bráisléad murnáin/rúitín, EID bráisléad murnáin, FGB glaicín)(DCA 131) **cosrópa** *fir*. foot-rope. (BG 12) **crann araicise** trysting tree (I 411)(I 439) **creachadóir mara** pirate (t.ie, FNBG, FGB, EID foghlaí mara)(IFDT 23)(LEID muir-chreachadóir) **crís** *fir*. creese (dagger)(IFDT 166) **crithfhuaim** *a*. throbbing sound (BG 436) **crochadh** *fir*. pitch (of a ship)(FGB of an arch, roof)(IFDT 68) **crochchuradh** *fir*. crusader (FGB crosáidí *m.*)(I 228) **croíán loinge** shipmate (FNBG comhloingseoir, leathbhádóir; FNGB/EID comrádaí farraige)(MD 216) **croitheadh inchinne** concussion (t.ie/FNBG/EID comhtholgadh *fir.*; (SB 41) **crónaire** *fir*. coroner (FGB cróinéir *m.*)(TC 541) **crosóg** *b*. gaff (FGB cleith uachtair) (BG 352) (TC 22/3)/(TC 38); Crocairt**,** cricket (ITI 262) **cruinneolas** *fir*. geography (t.ie, FGB geografaíocht *f.*, tíreolaíocht *f.*)(BH 22) **cruth folaithe** disguise (EID/FGB/FNBG bréagriocht *f.*)(TC 63) **cruthaíocht** *b*. figure (shape)(SB 90) Crothaidheacht, appearance,

look (ITI 263) **crutheolas** *fir*. cosmogony (t.ie, FGB cosmagnaíocht *f.*)(BH 22) **cú mhac tíre** wolf-dog (TC 35) **cuallaí biatachais** mess-mate (on a ship) (FGB, EID cuibhreannach *m.*) (IFDT 29) **cúirtgharraí** *fir*. courtyard (t.ie/FNBG clós *fir1;* FGB clós caisleáin)(TC 191/2) **cuisle** *b*. **cuisleannacha** (cuislí) **gaoithe** flaws of wind.(IFDT 80) **cúl cinn** *a.* back-up (t.ie, FNBG, cúltaca *m*., FGB taca *m.*)(IFDT 161) **cur eangach** a train of fishing nets (MO 49)/ (MO 89) **curúlacht** *b*. chivalry (t.ie/FNBG niachas *fir1;* FGB/FNBG ridireacht *f.*)(I 129) (I 135)(I 378)

D

dabhach fothragtha bath (t.ie/FNBG/FGB folcadán *m*., FGB dabhach folctha)(TC 225) **dallsholas** *fir*. uncertain light (TS 79) **dealbhcheann** *fir*. figurehead (of ship)(t.ie ceann fíorach; EID dealbh tosaigh)(BG 10) **dearg** *a*. red hot ash (of a pipe)(MD 19) **díminneas** *fir*. discordance (EID/FGB míbhinneas *m.*)(MO) **díobhóg** *b*. trench (FGB mountain rill) (I 33) **díomuntáisteach** *aid.* disadvantageous (t.ie, FNBG, FGB, EID míbhuntáisteach) (IFDT 214) **dochtúir an cháir** dentist (t.ie/FNBG/FGB/EID fiaclóir *m.*; FGB dochtúir fiacla)(MD 52) **dochtúir an eallaigh** veterinary surgeon. (t.ie/FNBG/FGB tréidlia *m.*/EID tréidlia *m*. dochtúir *m.* beithíoch)(PF 7) **do-éagthach** *aid*. deathless (FGB neamhbhásmhar/ EID do-mharaithe, síoraí, suthain)(TS 140) **doirseagán** *fir*. porch (FNBG póirse *masc4*) (TS 15) **dorsagán** *fir*. portico (t.ie póirseáid *b.*; EID colúnáid *f.*)(BH 205) **dreacheolas** *a.* physiognomy (FGB gné-eolaíocht *f.*)(LEID gnaoifhios) **dreachshnoite** *aid*. stern. (FNBG dairíre, crosta; FGB fiata; EID dian, crua, géar)(MO 230)(I 32) **dréimlus** *fir*. creeper (t.ie athair *f.*, FGB athair *f.*, féitheach *m.*)(IFDT 159) **droichead tarranta** (tarraingthe) drawbridge (FGB droichead tógála)(I 423) **dúbhán** *aid*. half-caste (EID, FGB meascach)(DCA 173) **dubhurchóid** *b*. malice (I 331) **dúilbhriste** *aid*. disappointed. (FNBG/FGB/EID díomách, meallta)(MO 173) **duine siúlach** nomad (EID fánaí *m.*)(TC 544) **dúnamhaid** *fir*. worst enemy (TS 21) **dúshlánta** *aid*. challenging (FGB dúshlánach)(TC 169)

E

eachlann *b*. stable-yard (FNBG clós stábla)(TC 83) **eagrúil** *aid*. disciplined (FGB riailbhéasach)(I 411) **easair na madadh** kennels (t.ie conchró *fir4*)(TC 191/2) **ealaín farraige** seamanship (t.ie/FNBG cumas mairnéalachta; FGB loingseoireacht, mairnéalacht; EID loingseoireacht)(MO 137) **eascomhrac** *fir.* non-resistance (FNBG cur in aghaidh, in éadan, i gcoinne ar 'resistance')(BH 606) éidíonmhar *aid*. leaky (BG 381)

F

fáigheadóireacht *b.* act of hovering (E 53), (E 103), (BG 27), (BG 241) **faill seanchais** interview (t.ie, FNBG, EID, FGB agallamh *m.*)(DCA 60) **falsóir cladaigh** beachcomber (FNBG tráiteoir fir3; FNBG/EID fear raice)(TC 63) **fear bannaí** trustee (t.ie iontaobhaí *fir.*;

FGB caomhnóir *m.*; EID iontaobhaí *m.* riarthóir *m.*)(SB 168) **fear cathaoire** (cathaoirleach) chairman (t.ie/FNBG/FGB/EID cathaoirleach *m.*)(PF 69) **fear claonbharúlach** bigot (t.ie/FNBG/FGB/EID biogóid *m.*; EID duine dáigh)(I 507) **fear dhéanta an bhealaigh** guide (t.ie/FNBG/FGB/EID treoraí *m.*; EID fear eolais, cinnire)(I 31) **fear dhéanta an eolais** *id.* (I 32) **fear na slí** *id.* (I 32) **fear loighce** logician (t.ie, FNBG, FGB, EID loighceoir *m.*)(BH 106) **fear a bheadh ar maos i saibhreas** millionaire (FNBG/FGB/EID milliúnaí *m.*)(PF 7); bheith ar maos in airgead, to be filthy rich. (CIESG 242) **fear oiliúna** trainer (t.ie/FNBG traenálaí fir4; FNBG oiliúnóir masc; FGB oiliúnaí *m.*)(TC 252) **fear próistí** process-server (TC 505) **fear soláthair** manciple (I 566-7) **fear tíre** civilian (t.ie/FNBG/FGB/EID sibhialtach *m.*)(TC 89) **fear ualach** porter (FGB póirtéir m.)(TC 334) (PF 80) **féasóg giall** side whiskers (FGB féasóg leicinn)(TC 549/50) **fianúil** *aid.* chivalrous (FGB ridiriúil)(TC 13) **fionnaolta** *aid.* whitewashed (FGB aoldaite)(TC 549)(TC 550) **fonn feasa** curiosity (FGB fiosracht *f.*)(TC 105) **fíodhchat** *fir.* trap (t.ie/FGB gaiste *m.*; FNBG gaiste *fir.*, dol *fir.*, trap *fir.*)(SB 144) **foirgneamh tithe** street of houses (MO)/(BG 6) **foirgnitheoir** *fir.* builder (t.ie tógálaí; FNBG, FGB foirgneoir *m.*) (BH 106)(LEID foirgnightheóir *m.*) **foirmeacha molta** testimonials. (BG 23) **foirmreadh** *fir.* ceremony (t.ie/FNBG/FGB/searmanas *fir1*; EID seanmóir) (I 622)(I 643) **forbadh** *fir.* volley of shots (FNBG rois piléar; FGB rois urchar; EID rois piléar, cith piléar)(IFDT 90) **forchaiseal** *fir.* forecastle (FGB caiseal tosaigh)(BG 8) **fuinneog chaoch** scuttle (on ship) (FGB poll comhla)(BG 129) **fuinneog mhullaigh** skylight (t.ie/FNBG fuinneog dín; FNBG/EID spéirléas *masc1*; FGB fuinneog dhín; EID fuinneog dín)(BG 25)

G

gadaí mara pirate (t.ie, FNBG, EID, FGB foghlaí mara)(DCA 11)(LEID foghluidhe fairrge). CREACHADÓIR fosta **gág fhéir** cut from grass. (t.ie/FNBG/FGB/EID gearradh *fir.*) (MO 38) **gáinneoir** *a.* archer (FGB boghdóir *m.*)(I 132)(I 268); (LEID boghadóir, *m.*, gainneóir, *m.*) **gaisc-chluichí** *a.iol.* heroics. (FNBG gaisce *masc,* éachtaí *fem,* gníomhartha gaisce)(BH 344-5) **gaosán** *fir.* nostril (t.ie polláire, FNBG, EID, FGB poll sróine, polláire *m.*)(DCA 74) **garda tuatúil** yeoman (FGB gíománach *m.*)(I 206) **geabadánacht** *a.br.* jabbering (FGB geabaireacht *f.*)(BG 80) **geallnóta** *fir.* promissory note. (t.ie/FNBG/ nóta gealltanais; EID bille gealltanais)(PF 158) **an té atá faoi ghearán** the accused (t.ie/FNBG cúisí; t.ie duine cúisithe, duine a bhfuil cúis curtha ina leith; FNBG an duine atá cúisithe; FGB/EID an cúisí) (I 512) **géarbharúlacha** *iol.* sarcasm (t.ie/FNBG searbhas fir1; FNBG tarcaisne)(TS 330) **géarmhagúil** *aid.* sarcastic (FNBG searbhasach, searbh, gear, tarcaisneach/FGB cnáideach, gear, goibéalta, niogóideach)(TS 270)(LEID géarmhagamhail) **gearradh** *fir.* sarcasm (I 200) **gearradóir** *fir.* cutter (t.ie/FNBG/FGB/EID gearrthóir *m.*)(TC 548) **geasróga** the occult (t.ie/FGB diamhair *bain2*; FNBG an draíocht, an arsalaíocht; FGB doilfe, briotais, geasrógacht, fiosaíocht)(I 365) **glacláidir** *aid.* athletic (t.ie lúfar; FNBG lúfar, aclaí, scafánta;

FGB lúfar, EID lúthchleasach) (IFDT 202) **glag-ghaoth** *b.* squall. (t.ie cóch *fir*, cuaifeach *fir*; FNBG cóch *fir*, cuaifeach *fir,* soinneán gaoithe; FGB cóch, scallóid ghaoithe, sonnadh gaoithe) (MO 95) **gléachas** *fir*. gallery (TC 257)(I 245)(TC 258), (BH 101), (I 618); (LEID gléachas *m.*); (LFND 37) **gléas** *fir*. **gléas ama** chronometer (t.ie/FNBG/FGB/EID crónaiméadar *m.*)(SB 9) **gloine an tomhaiste** sandglass. (BG 59) **gloine an teasmhaigh** thermometer (t.ie, FNBG, FGB, EID teirmiméadar *m.*)(IFDT 80) **golthaod** *fir*. hysterics (FGB histéire *f.* (hysteria)/EID baspairt, taom histéire, líonrith)(TS 415)(TS 434)

I

(iarann) iomaireach corrugated (iron) (t.ie/FNBG roctha, rocach; FGB/EID roctha, iomaireach)(E 192) **iarraidh chun tosaigh** progress (t.ie/FNBG/FGB dul chun cinn; t.ie/FNBG forás)(TC 250) **iarratas** *fir*. ambition (t.ie uaillmhian *b.*, glóirmhian *b.*; FGB uaillmhian *f.*)(BH 437) ARDMHIAN aige fosta.) **an t-iasc bradach** poaching (t.ie/FNBG/FGB/EID póitseáil *f.*)(MO 63) **idirbheathach** *fir*. (idirbheithíoch) jennet (EID capaillín Spáinneach)(E 9) **iméadaire** *fir*. zealot (t.ie, EID, FGB, díograiseoir *fir.*)(BH 53)(LEID 581) **inc-sheastán** *fir*. ink-stand (t.ie/EID seas dúchán)(SB 113) **infhuilstine** *aid*. bearable (FGB infhulaingthe)(TC 396) **inghnímh** *aid*. practicable (t.ie/FNBG infheidhmithe; FNBG/FGB/EID indéanta; FNBG/EID inoibrithe)(I 241) **íocadóir** *a*. paymaster (t.ie/FNBG/FGB/EID pámháistir *m.*)(I 464) **slat iompair** lightning conductor (t.ie/FNBG seoltóir tintrí; FGB conduchtaire tintrí) (BG 326) **ionad siúil** promenade (FGB promanád *m.*)(TC 561)(LEID ionad spaisteóireachta) **ionadaí** *fir*. pseudo (I 335)

L

laits *a*. latch (t.ie/FNBG/FGB laiste *fir4*; FGB cláibín) (MO 47) **lámhéadach** *fir*. handkerchief (FGB ciarsúr *m*. haincearsan *m.*)(TC 507);(LEID éadach láimhe) **leaba chrochta** hammock (FGB leaba luascáin) (BG 27)/(BG 395) **leabachán** *fir*. couch (t.ie tolg *fir.*; FNBG/FGB tolg *masc*, cúiste *masc*; EID leaba *f*. iomaí *f*. tolg *m*, cúiste *m*)(SB 46) **leabhar an tsiúil** log-book (t.ie logleabhar *fir.*; FNBG loga *fir*, logleabhar *fir.*; FGB leabhar loinge/EID leabhar loinge/turais/eitilte, dialann oibre) (SB 38). LEABHAR LOG, LOGLEABHAR, TURASLEABHAR aige fosta **leacht-thor** *fir*. monument (t.ie leacht *fir*., séadchomhartha *fir.*; FNBG leacht (cuimhneacháin); FGB séadchomhartha *m.*; EID séadchomhartha *m*, leacht *m*, cloch chuimhne)(SB 92) **liathróid roithleagáin** spinning top (TC 386) **lindéar** *fir*. manhole (t.ie/FNBG/EID dúnpholl *fir*. /FGB lindéar = lintel; dúnpholl *m.*)(SB 83) **línfhionn** *aid*. flaxen (EID buíbhán)(I 51) **línteoir** *fir*. ruler (t.ie/FNBG/FGB/EID rialóir *m.*)(SB 113) **liomógach** *aid*. saucy (FGB brusanta, deiliúsach, soibealta)(TS 450) **liubhán** *fir.* slipper (t.ie/FNBG/FGB/EID slipéar *m.*)(SB 93) BRÓG, BRÓGÁN, BRÓIGÍN aige fosta **loca féasóige** side whiskers (MO 131) **lóchrann ancaire** riding lamp (on ship)(BG 22) **logleabhar** *a*. logbook. (BG 149) **long galach** (gaile) steamer (FGB bád gaile, steamboat)(BG 17) **longarm** *fir*. navy

(t.ie, FNBG, FGB, EID cabhlach *m.*)(IFDT 36) **lorg láimhe** autograph (FNBG/EID síniú *m.*; FNBG átagraf)(TC 516) **luaithreán** *fir.* duster (t.ie glantóir deannaigh/EID ceirt deannaigh). (TS 31) **lucht ceannairce** rebels (TC 31) **lucht cúlsráideanna** ill-mannered people of the gutter (TC 182) **lucht do chuideachta** one's associates (TC 321) **lucht do dhea-bharúla** one's admirers (TS 339) **lucht fíniúna** wine-growers (t.ie saothróirí fíniúna)(BH 5) **lucht gaimbín** usurers. (t.ie/EID úsaire *fir.*)(SB 160) swell (in sea)(t.ie mórtas farraige, bogadh; FNBG/FGB mórtas farraige, borradh farraige, suaill *fem.*; EID oibriú mór)(MO 114) shoal (MO 93) **lucht leatroime** the unfortunate (TC 285) **lucht na gcnoc** mountainy people (TC 127) **lucht na ngealltach** (ngeallta) backers (TC 107) **lucht plandála** colonists (TC 144) **lus** *fir.* **an lus nimhe** hemlock (E 263) **luschuach** *b.* locust (FGB, EID lócaiste *m.*)(BH 32) (LEID luschuach, dreoilín teasbhaigh) **lúthghníomhach** *aid.* athletic (FGB lúfar)(I 19) GLACLÁIDIR fosta.

M

mac filíochta apprentice poet (TC 349) **macán** *fir.* mate (IFDT 40) **maide bealaigh** gangway (t.ie/FNBG stangairt, geata bordála; FGB/EID clord *m.*; EID bearna cloird) (BG 34) **maide crochaidh** (crochta) crane (t.ie/FNBG/EID craein *bain;* FGB maide croiche)(MO 40) **maothsmaointiú** *fir.* (maothsmaoineamh) sentimentalism (t.ie/FNBG maoithneas *m.*, maoithneachas *m.*; FGB maoithneas)(MD 174) **marbhcheo** *fir.* haze. (t.ie/FNBG smúiteán *fir.*; FNBG ceo *m*, ceobhrán *m;* FGB ceo, ceobhrán, dusma; EID rosamh, ceo)(MO 170) **marbhdhéanta** monotonous (TS 577)/(BG 32) **marbhfhuaimneach** *aid.* monotonous (t.ie/FGB/EID aontonach, liosta)(TS 111) **marbhghorm** *aid.* pale blue (BG 70) **marbhloinnir** *a.* glimmer (BG 61) **marbhmhealltach** *aid.* voluptuous (FGB/EID macnasach)(TS 545) **marcach airm** trooper (FGB trúipéir *m.*)(TC 109) **meáchan an aeir** density of the atmosphere (t.ie/FNBG dlús *fir1* (BG 82) **méaracán sí** bluebell (FGB cloigín *m.* gorm, méaracán *m.* gorm)(TC 15) **mearúlacht** *b.* excitement (t.ie floscadh *fir.*; FNBG sceitimíní, scleodar *masc 1*, fuadar *masc* 1)(MD 9) **Mí na Súilín Buí** July (FGB Mí na Súl Buí) (TC 157) **miadal** *fir.* (méadal, *iol.* méadlacha) hold (of a ship) (t.ie/FNBG/ bolg *fir.* FGB bolg loinge; EID broinn/íochtar loinge)(SB11) míghinte *aid.br.* illegitimate (t.ie/FNBG/ FGB/EID neamhdhlisteanach)(I 39) **milisbhriathrach** *aid.* suave (FGB mín)(TC 59) **mionaglach** *a.br.* twittering (na n-éan)(t.ie EID ceiliúr, giolcaireacht; FGB tríleach)(TS 38) **moingréalta** *b.* meteor (t.ie/FGB dreige *f.*, meitéar; EID caor thine)(TS 211) **mionliobrach** *aid.* mincing (I 334) **mómhaireacht** *b.* modesty (t.ie/FNBG/FGB modhúlacht *f.*; FNBG umhlaíocht)(I 188)

N

neamhshó *fir.* discomfort (t.ie/FNBG/FGB míchompord *m.*; FNBG pian *fem2*)(I 243)

O

obair chloiche architecture (t.ie/FNBG/EID/FGB ailtireacht *f.*)(I 270) ógánach séidte coxcomb (conceited dandy)(I 447) **oidhreogach** *b.* (oighear)(t.ie/FNBG/FGB/EID leac oighir, oighear *m.*)(MO 225) **oidhríocht** *b.* (FGB oidhreacht *f.*) inheritance (TC 36) **ordú** *fir*. discipline (FGB smacht *m.*)(TC 179) óriasc *fir*. goldfish (FGB iasc órga) (BG 455) **osán** *fir*. sandal (t.ie, FNBG, FGB, EID cuarán *fir*., FGB leg of trousers)(BH 102 & 144)

P

páipéar triomaithe blotting paper (t.ie/FNBG/FGB/EID páipéar súite)(TC 324) **páirc dhruidte** paddock (t.ie/FNBG/FGB/EID banrach *f.*)(TC 19) **peansal** *fir*. pencil (t.ie peann luaidhe, pionsail; FGB peann luaidhe, pionsail *m.*)(MO 27) **pócadóir** *fir*. pickpocket (t.ie/FGB/EID peasghadaí; EID piocaire póca)(TS 56) **poilcí** *a.* blouse (FGB blús *m.*)(E 121) **poilitic**í *fir*. politician (FNBG/t.ie/FGB/EID polaiteoir *m.*)(MD 176/209) **poll** *fir*. hole. (*iol.*) **polltaí** (FGB poill) (BG 71) **poll ligthe** scupper hole. (FGB scupar *m.*; EID lintéar loinge, scupar *m.*) (BG 71) (MD 48)/(TS 102),(TS 345) **postordú** *fir.* postal order (t.ie/FGB/EID ordú poist)(PF 138) **porsalán** *fir*. porcelain (t.ie/FNBG/FGB/EID poirceallán *m.*)(SB 105) **púdarlann** *b.* magazine (of ship) (t.ie, EID armlann, piléarlann; FNBG, FGB armlann *f.*)(IFDT 37)

R

raic rannta (roinnte) **na gcnámh** rack (torture)(t.ie raca *fir4*; FNBG/EID raca céasta; FGB) (IFDT 30) **rainse carraigeach** coral reef (t.ie/FNBG sceir *bain2* coiréil; FGB sceir *f.*, reef)(IFDT 84) **rámhrothán** *fir.* propellor (t.ie/FNBG/FGB/EID lián *m.*)(SB 33) ROTHCHÉASLA aige fosta **rangsheomra** *fir*. classroom (t.ie/FNBG/FGB seomra ranga) (TS 150) **rannach** *b*. jennet (EID capaillín Spáinneach)(I 18) **réalta scoite** meteor (t.ie dreige, meitéar; EID, FGB dreige *f.*)(IFDT 114) **reithe réabtha** battering ram (t.ie, FNBG, FGB, EID, reithe cogaidh)(BH 114) **rinneog** *b.* jagged point (IFDT 197) ríréim *a*. reign (FGB réimeas *m.*)(I 590) **rísheol** *a*. royal (sail) (BG 5) **rothchéasla** *a*. propellor (t.ie/FGB/EID lián *m.*)(E 261) **rúnaire** *fir*. secretary (FGB rúnaí *m.*)(TC 50)(LEID rúnaire) **rothphunann** *a*. sheave (FGB síobh *m.*) (BG 13) **rún-nochtadh** *fir*. revelation (FNBG tabhairt chun solais, foilsiú FNBG, FGB nochtadh *m.*)(BH 19) **ruspa** *a*. file (hand tool)(FGB líomhán *m.*)(I 10)

S

saigeár *fir*. cigar (t.ie/FNBG/EID/FGB todóg *f.*)(DCA 190); TOITEÁN, TOITEOG fosta **saighdiúir mara** marine (FNBG muirshaighdiúir; FGB muirí *aid*. marine; saighdiúir cabhlaigh)(IFDT 39) **samhladóir** *fir*. photographer (FNBG/t.ie/FGB grianghrafadóir *m.*) (TS 275) GRIANDEALBHTHÓIR **saorbhailte (Bhaile Átha Cliath)** the Liberties (of Dublin)(TC 334)(TC 246) **scáthbhrat** *a*. canopy (FGB awning)(I 35) **scilp** *a*. target (FGB

sprioc *f.*)(I 183)(I 321) **teacht as áit ar do sheachnadh** to come from a place as a refugee (TC 514) **sealbhaire** *fir*. owner (FGB sealbhóir *m.*, úinéir *m.*)(TC 503). SEALBHAÍ fosta. **saor aimsire** apprentice (t.ie, FNBG, FGB, EID, printíseach *m.*)(BH 153) **sárshiorradh** *fir*. hurricane (t.ie hairicín *fir*. spéirling *b.*; FNBG/FGB hairicín, spéirling; EID spéirling *f.* stoirm ghaoithe)(SB 30) **scarúinteoir** *fir*. separatist (t.ie, FNGB, EID scarúnaí *m.*)(BH 99) **scéal iomrá** report (t.ie/FNBG/FGB/EID tuairisc *f.*; FNBG/EID tuarascáil *fem3*;)(BG 23) (LEID scéal puiblidhe) **scian** *b.* knife (*iol*. **scianacha**)(FNBG scian *f.*, *iol*. sceana). (MO 158) **sciathántarnocht** *aid.* bare-armed(MD 8) **sciobtha** *aid*. dandy (EID gleoite, breá)(MD 8) **scrúitseol** *a*. staysail (t.ie staghsheol *fir1;* EID seol stotha) (BG 13)/(BG 308) **scuim** *fir*. film (FGB scannán *m.*)(MD 98) **seascbhean** *b.* virgin (t.ie ógh, maighdean; FNBG maighdean, ógh; FGB maighdean *f.*) (TS 332) **séideán sealáin** cyclone (t.ie cioclón *fir.*; FNBG/FGB cioclón *m*, cuaranfa *m.*)(SB 30) **séimhbhlasta** *aid*. delicate (of wine)(FGB fíneálta, mín)(TC 103) **seol féachála** trysail (FGB seol gaoithe móire)(BG 341) **seol mullaigh** top-gallant sail (BG 13) **seol rubaill** spanker (t.ie spangaire *fir4*; FGB/EID seol eireabaill) (MD 138) **seol seasta** staysail (FGB seol stagh) SCRÚITSEOL fosta (BG 57) **seol stuine** stunsail (BG 84) **seomra an chaidrimh** drawing room (TC 515) **seomra cuideachta** *id.* (TC 101) **seomra dearmaid** oubliette (I 609) **seomra na biotáilte** bar (FGB beár *m.*)(TC 361) **seomra ólacháin** *id.* (TC 367) **seomra na cóisireachta** guest room (TC 442) **seomra suíocháin** sitting room (FGB seomra suí)(TC 289) **seomra suain** bedroom (FGB seomra leapa)(TS 13)/(TS 116) (TS 469) **seomra na fanachta** (an fhanachta) waiting-room (FGB seomra feithimh)(TS 86) **siabharscáil** *b.* mirage (t.ie/FGB meabhalscáil *b.*; FGB/EID mearú súl)(SB 154) **sileán** *fir*. channel (FGB trickle, drip)(IFDT 225)(LEID siltheán *m.*) **siorrán** *fir*. fan (for cooling) (t.ie/FGB fean *m.*, gaothrán *m.*; FGB geolán) (TS 175) **sítheadh** *fir*. progress (FGB dul chun cinn)(TC 191) **síthmhaor** *fir*. civil policeman (FGB síothmhaor = peace officer)(TC 8) (LEID síothmhaor *m.*) **siúlach** *aid*. nostalgic (FGB cumhúil)(TC 560) **slaidheas** *fir*. slice (t.ie slisne *fir.*, sceall *fir.* FNBG slisne *m.*, píosa *m.*, sceall *m.*; FGB slis *f.* sceall *m.*)(MO 161) **slatóg** *b*. sapling (FGB buinneán *m.*)(TC 402) **sleaspholl** *fir*. (sliospholl) porthole (t.ie, FGB, sliospholl; EID sleaspholl, sleasfhuinneog)(IFDT 73)(IFDT 190)(LFND 52) **slíocaí** *aid*. (FGB slíocach) elegant (of words)(MD 9) **smachtaire** *fir*. tyrant (FGB aintiarna *m.*)(I 139) **smachtmhar** *aid*. violent (FGB foréigneach)(I 470) **smailleog** *b*. jerk (MD 69). Bhuail tú smailleac cheart air. (CCTC 271) **snaidhmeán** *fir*. tie (éadach mná)(TS 35) **sornán** *fir*. stove (FGB sornóg *f.*)(MD 104) sóúltas *fir*. (sóúlacht) dessert (t.ie, FNBG, FGB, EID milseog *f.*)(IFDT 60). DESSERT, ÉISDINNÉAR, agus IARBHÉILE fosta **spangaire** *fir*. spanker (sail) (BG 5)/(BG 133) **spreagantach** *aid*. provocative (t.ie/FGB gríosaitheach)(TS 185) **sréanóg spéire** strip of sky (E 91) **sronna** *fir*. slime. (t.ie slam *fir* 1; FGB (s)ronna *m.*, dribble, slobber, mucus/EID ramallae *m.*, sláthach *m.*, glae *m.*)(MD 118) **stáiseán** *fir*. station (t.ie/

FNBG/FGB/EID stáisiún *m.*)(PF 46) **suanán** *fir.* berth (t.ie/FNBG leaba *b.*; FGB leaba loinge)(MD 7) **suíóg** *b.* sofa (t.ie leaba thoilg (sofa bed)); EID/FNBG tolg; FGB suíóg = seat in stern of a boat; tolg *m.*)(MO 165)

T

tábhacht *fir*. economics (t.ie/FNBG/FGB/EID eacnamaíocht *f.*)(TC 464) **tairbheach** *aid*. serious (t.ie/FNBG/FGB/EID tromchúiseach)(TC 433) **taisleach** *a*. liquor (t.ie ; FNBG/EID deoch mheisciúil)(I 53) **taosadóir** *fir*. pastry-cook (FNBG/EID cócaire taosráin)(TS 46) **tarbhchomhrac** *a*. bull-baiting (FGB tarbhghríosú *m.*)(I 108) **tarrangtán** *fir*. tug (t.ie/FGB tuga *m.*/EID tug *m.*)(MD 137) **an chéadtarrtháil** first aid (t.ie/FNBG/FGB/EID garchabhair *f.*)(PF 23) **teach an fhothragaidh** lavatory (FGB ionlann *f.*)(E 288) **teach gloine** greenhouse **teach na mbláth** (mbláthanna) greenhouse (FGB teach gloine) (TC 324) **teach plandaí** *id.* (TC 548) (teach *m*. gloine) BLÁTH-THEACH fosta **tinteoir** *fir*. fireman (stoker) (FBG stócálaí; EID fear *m*. tine)(MD 15)(MD 143) **tobarchith** *fir*. fountain (t.ie scairdeán (uisce), FGB fuarán *m.*)(BH 205) **tochardán** *a*. capstan (BG 274) **tógálóir** *fir*. lift (for sails) (IFDT 30) **tonnfaoi** *b.* subswell (BG 87) **traschrann** *fir*. yard (for a sail)(BG 26) **toiteán** *fir.* cigar (t.ie/FNBG/FGB/EID todóg *f.*)(SB 133) SAIGEÁR, TOITEOG aige fosta **trasniall** *a*. ratline (t.ie/FGB/EID raitlín *m.*)(MD 71) **tréanasach** *aid.* ascetic (FGB diantréanach)(TC 151) **tuireasc** *fir*. saw (tool)(BG 347)(LEID tuiriosc) **turasleabhar** *a*. logbook (t.ie dialann loinge, táscleabhar)(BG 167)

U

ualach creacha (creiche) booty (FNBG/EID éadáil *fem3,* creach fem2; FGB creach *f.*;)(TC 502) **uathphéist** *b*. monster (t.ie/FGB ollphéist *f.*; FNBG arracht, ainbheithíoch, amhailt) (TC 21)/(TC 261). AINBHEATHACH fosta. úllúsc *fir*. cider (t.ie/FNBG/FGB ceirtlis *f.*, leann *m*. úll)(I 43) **umhalbhéasach** *aid*. graceful (TC 6)

Leabharliosta

Leabhair

Dinneen, P., (1927) *Foclóir Gaedhilge agus Béarla.* Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbheann nGaedhilge.

Lane, T. O'Neill, (1904) *Lane's English-Irish Dictionary*. Baile Átha Cliath: The Phoenix Publishing Company Limited.

Mac Corraidh, S., (2004) *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir.* Baile Átha Cliath.

Mac Grianna, S., (1932) *Teacht Fríd an tSeagal*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1933) *Ben Hur*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1933) *An Mairnéalach Dubh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1934) *An Páistín Fionn*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935) *Séideán Bruithne agus Amy Foster*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935/1952) *Muinntir an Oileáin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1935) *Teach an Chrochadóra*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1936) *Imeachtaí Fhear Dheireadh Teaghlaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Mac Grianna, S., (1936) *Díth Céille Almayer*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1937) *Ivanhoe*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1953) *Eadarbhaile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

MacGrianna, S., (1955) *Báthadh an Ghrosvenor*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Corráin, A., (1989) *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*. Béal Feirste: Institute of Irish Studies, The Queen's University of Belfast.

Ó Dónaill, N., (1977) *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Uí Laighléis, G., (2003) *Seán Mac Maoláin agus Ceart na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Uí Laighléis, G., (2017) *Gallán an Ghúim*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ailt

Ó Ruairc, M., (1988) 'Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir.' *Comhar,* Eanáir: 30–4.

Tráchtais Neamhfhoilsithe

Mac Corraidh, S., (1990) *Liosta Focal as Aistriúcháin Sheosaimh Mhic Grianna: Staidéar Comparáideach Idir a Chuid Aistriúchán agus Foclóir Gaeilge Béarla*. Miontráchtas neamhfhoilsithe MA in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.

Ó hEaráin, S., (1986) *Liosta focal ó Niall Ó Dónaill.* Miontráchtas neamhfhoilsithe MA in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin.